# FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

**Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)**
**Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach (GECC)**

*(Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19))*

(2023/C 342/05)

I.1) **Ainm, seoladh agus pointe teagmhála**

**Ainm cláraithe:** Evropsko združenje za teritorialno sodelovanje 'Poti prihodnosti – Ljubljana – Novo mesto – Karlovec – Zagreb' z omejeno odgovornostjo

**Oifig chláraithe:** 15, Podbreznik, 8000 Novo Mesto, an tSlóivéin

**Pointe teagmhála: Tomaž Savšek,** Stiúrthóir Gníomhach, mailto:info@future-paths.eu

I.2) **Fad na Grúpála**

**Fad na grúpála:** tréimhse éiginnte

**Dáta clárúcháin:** 2.8.2023

**Dáta clárúcháin:** 21.10.2022

II. **CUSPÓIRÍ**

Tá sé d'aidhm ag an ngrúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC):

1. borradh a chur faoin éileamh ar iompar paisinéirí trí iompar poiblí iarnróid a ndéanfar rialú air agus a bheidh nua-aimseartha, tapa agus sábháilte ar bhonn trasteorann agus réigiúnach;

2. feabhas suntasach a chur ar cháilíocht na seirbhísí i gcomhréir le riachtanais, ionchais agus éilimh na bpaisinéirí sa lá atá inniu ann;

3. borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as iompar poiblí do phaisinéirí, go háirithe an t-iompar d'iarnród, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíochtaí cliste agus an digitiú;

4. iontaofacht na seirbhísí agus an fhreagrúlacht ar fud an iompair phoiblí d'iarnród a fheabhsú;

5. an t-ualach ar an gcomhshaol a laghdú san fhadtéarma, agus naisc bhóthair a shaoradh ar an leibhéal trasteorann, ar an leibhéal réigiúnach agus níos faide i gcéin;

6. an comhar foriomlán trasteorann, an fhorbairt, an comhordú polaitiúil ar an leibhéal áitiúil agus ionadaíocht leasanna na réigiún trasteorann ina n-iomláine a neartú a mhéid a bhaineann le beartas réigiúnach inbhuanaithe agus soghluaisteacht inbhuanaithe, agus úsáid á baint as modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

7. paisinéirí a bhfuil cuspóirí difriúla taistil acu a mhealladh chun an t-iompar d'iarnród a roghnú agus an t-iompar lasta d'iarnród a mhéadú;

8. seirbhísí nuálacha nua-aimseartha a chur in úsáid laistigh den iompar poiblí iarnróid trasteorann agus réigiúnach do phaisinéirí;

9. roinnt gníomhaíochtaí gearrthéarmacha a dhéanamh, e.g. tráthchláir a chomhordú; bóithre rochtana agus conairí rothar chuig stáisiúin iarnróid a thógáil; an rogha a chur ar fáil rothair, rothair leictreacha agus feithiclí leictreacha a thógáil amach ar cíos ag stáisiúin iarnróid; pointí páirceála agus taistil, saoráidí stórála rothar agus spásanna páirceála (clúdaithe agus eile) a eagrú;

10. seirbhísí lóistíochta iompair trasteorann agus réigiúnacha inbhuanaithe a thabhairt isteach;

11. glúnta nua d'fheithiclí iarnróid a cheannach lena n-úsáid san iompar poiblí iarnróid trasteorann agus réigiúnach do phaisinéirí (e.g. carráistí paisinéirí lenar féidir rothair a chur san áireamh);

12. samhail chomhtháite trasteorann agus réigiúnach de sheirbhísí cliste a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as ardáin dhigiteacha agus feidhmchláir dhigiteacha, agus, ar an gcaoi sin, imscaradh nasc iompair idirmhódúil ardcháilíochta san iompar poiblí iarnróid trasteorann agus réigiúnach do phaisinéirí a chur chun cinn;
13. taisteal ardluais agus ardleibhéil seirbhíse atá inchomparáide le seirbhísí in Iarthar na hEorpa a bhaint amach, an sciar paisinéirí san iompar poiblí iarnróid trasteorann agus réigiúnach do phaisinéirí a mhéadú agus sábháilteacht a mhéadú ar fud dheighleog iomlán an iompair d'iarnród;
14. dícharbónú earnáil an iompair a fheabhsú agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn i ngach deighleog den earnáil;
15. réimsí eile a fhorbairt freisin, a bhféadfadh tionchar breise a bheith acu, i dteannta a chéile, ar fhorbairt na sochaí, amhail an turasóireacht agus naisc nua rothaíochta a fhorbairt, agus cruthú post nua feadh na mbealaí iarnróid a éascú, etc.

III. **SONRAÍ BREISE MAIDIR LE hAINM NA GRÚPÁLA**

**Ainm as Béarla:** European Grouping of Territorial Cooperation 'Paths of the Future – Ljubljana – Novo Mesto – Karlovec – Zagreb', with limited liability

IV. **BAILL**

IV.1) **Líon iomlán na mball sa ghrúpáil**: 13

IV.2) **Náisiúntachtaí na mball sa ghrúpáil**: SL, HR

IV.3) **Faisnéis faoi na baill**

**Ainm oifigiúil:** OBČINA ŠKOFLJICA

**Seoladh poist:** 3, Šmarska cesta, 1291 ŠKOFLJICA, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA GROSUPLJE

**Seoladh poist:** 2, TABORSKA CESTA, 1290 GROSUPLJE, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA IVANČNA GORICA

**Seoladh poist:** 8, SOKOLSKA ULICA, 1295 IVANČNA GORICA, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA TREBNJE

**Seoladh poist:** 5, GOLIEV TRG, 8210 TREBNJE, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA MIRNA PEČ

**Seoladh poist:** 2, TRG, 8216 MIRNA PEČ, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** MESTNA OBČINA NOVO MESTO

**Seoladh poist:** 1, SEIDLOVA CESTA, 8000 NOVO MESTO, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA SEMIČ

**Seoladh poist:** 9, ŠTEFANOV TRG, 8333 SEMIČ, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA ČRNOMELJ

**Seoladh poist:** 3, TRGO SVOBODE, 8340 ČRNOMELJ, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** OBČINA METLIKA

**Seoladh poist:** 24, GOLIEV TRG, 8330 METLIKA, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** údarás áitiúil

**Ainm oifigiúil:** RAZVOJNI CENTER NOVO MESTO D.O.O. [IONAD FORBARTHA NOVO MESTO – COMHLACHT TEORANTA]

**Oifig chláraithe:** 15, PODBREZNIK, 8000 NOVO MESTO, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** comhlacht faoi rialú an dlí phoiblí

**Ainm oifigiúil:** SLOVENSKE ŽELEZNICE D.O.O. [IARNRÓID NA SLÓIVÉINE – COMHLACHT TEORANTA]

**Seoladh poist:** 11, KOLODVORSKA ULICA, 1000 LJUBLJANA, AN tSLÓIVÉIN

**Cineál ballraíochta:** comhlacht faoi rialú an dlí phoiblí

**Ainm oifigiúil:** KARLOVAČKA ŽUPANIJA

**Seoladh poist:** 2, AMBROZA VRANICZANYA, 47000 KARLOVAC, AN CHRÓIT

**Cineál ballraíochta:** údarás réigiúnach

**Ainm oifigiúil:** HŽ INFRASTRUKTURA D.O.O. [BONNEAGAR IARNRÓID NA CRÓITE – COMHLACHT TEORANTA] – BAINISTIÚ, COTHABHÁIL AGUS TÓGÁIL AN BHONNEAGAIR IARNRÓID

**Seoladh poist:** 12, MIHANOVIĆEVA, 10000 SÁGRAB, AN CHRÓIT

**Cineál ballraíochta:** comhlacht faoi rialú an dlí phoiblí